C/2026/4213

30.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4213)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0545-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar ATFC 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Sa mhír dar teideal ‘iompar agus marú’, scriosadh an ceanglas gur gá cluas an ainmhí a bheith ag gabháil leis an gconablach. Baineadh an ceanglas sin mar gheall go bhfuil riosca don tsláinte ag baint le cluasa a bheith sna cuisneoirí. Tabhair faoi deara go n-áirithítear inrianaitheacht na gconablach go hiontaofa i gcónaí trí na rialacháin ghinearálta agus an nós imeachta inrianaitheachta le haghaidh seamlas a chomhlíonadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht rialúcháin

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála INAO agus Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, um Ghnóthaí Tomhaltóirí agus um Chosc Calaoise (DGCCRF) cothrom le dáta.

Tugadh an roinn cothrom le dáta chun na forálacha atá i bhfeidhm a lua.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Fin Gras / Fin Gras du Mézenc’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0545-AM01 — 13.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Fin Gras / Fin Gras du Mézenc’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 — FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ní fhéadfar an t-ainmniúchán tionscnaimh ‘Fin Gras / Fin Gras du Mézenc’ a úsáid ach amháin i gcás mairteoil a fhaightear ó bhodóga atá 24 mhí d’aois ar a laghad, nó ó bhulláin atá 30 mí d’aois ar a laghad. Is táirge séasúrach é. Maraítear an beostoc ón 1 Feabhra go dtí an 31 Bealtaine, agus an dá lá sin san áireamh, tar éis dóibh a bheith ramhraithe go mall i mbóithigh le linn an gheimhridh, agus úsáid á baint as féar tirim den chuid is mó.

Déantar an beostoc a shórtáil go dian ag céimeanna éagsúla dá saol, go háirithe roimh an tréimhse ramhraithe agus ag deireadh na tréimhse ramhraithe, ar bhonn critéir atá nasctha le forbairt a gcnámharlaigh agus a matán, a gclúdach saille arna thomhas trí bhrú a úsáid, a gcumais fheidhmiúla agus a gcuma fhoriomlán.

Eascraíonn saintréithe na gconablach agus na feola ó thréimhse ramhraithe fhada fhorchéimnitheach ina n-úsáidtear féar tirim Mézenc agus sórtáil dhian an bheostoic ag céimeanna éagsúla dá saol.

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith sna conablaigh:

— rang crutha conablaigh E, U nó R agus rang saille 2, 3 nó 4 de réir Eangach EUROP an Aontais chun conablaigh bó-ainmhithe fásta a aicmiú,

— meáchan chun críoch cánach (nó fuarmheáchan): 280 kg ar a laghad i gcás bodóg agus 320 kg ar a laghad i gcás bullán,

— idir céiriúil agus beagán cumhdaithe i saill, gan fosuithe saille logánta,

— saill cumhdaigh bháin go saill cumhdaigh bháin ar nós uachtair.

Bíonn dath idir dearg geal agus corcra dearg ar an bhfeoil. Bíonn sí marmarach (i bhfocail eile, tá fosuithe saille ionmhatánaí inti). Cuirtear an fheoil ar díol agus í fuaraithe, ach níor cheart í a bheith reoite roimhe sin agus í díreoite ansin. Bíonn an fheoil idir bog agus an-bhog, mín agus méith agus bíonn blas dian marthanach uirthi, rud a léiríonn beagán éagsúlachta ag brath ar cé acu a chuirtear ar an mbord í agus í amh, stofa nó gríosctha.

Gearrtar an fheoil lena miondíol nuair a dhíoltar leis an tomhaltóir deiridh í.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Breith, tógáil, ramhrú agus marú.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Go dtí go sroichfidh siad an dáileoir deiridh, beidh lipéad ar an gconablach agus ar na gearrthacha a eascraíonn as ar a léireofar an méid seo a leanas ar a laghad:

— an t-ainmniúchán,

— lógó ATFC an Aontais Eorpaigh,

— uimhir aitheantais náisiúnta an bheostoic nó uimhir an tseamlais,

— uimhir feirme an fheirmeora,

— ainm agus seoladh an tseamlais agus a uimhir údaraithe,

— an dáta maraithe,

— i gcás feoil lena gríoscadh nó lena róstadh, cé is moite de stéig phláta, stéig tiúscairte agus stéig filléid, na focail ‘tá an fheoil aosaithe ar an gcnámh ar feadh 10 lá iomlána ar a laghad idir dáta an mharaithe agus dáta an mhiondíola leis an tomhaltóir deiridh’.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá na cantúin agus na bardais seo a leanas sa limistéar geografach:

— Roinn Ardèche:

Cantún Antraigues-sur-Volane: ina iomláine;

Cantún Aubenas: bardais Aubenas agus Mercuer;

Cantún Burzet: bardais Burzet, Péreyres, Sagnes-et-Goudoulet, Sainte-Eulalie;

Cantún Le Cheylard: bardais Le Chambon, Saint-Andéol-de-Fourchades;

Cantún Coucouron: bardais Issanlas, Issarlès, Le Lac-d'Issarlès, Lanarce, Lavillatte, Lespéron;

Cantún Montpezat-sous-Bauzon: ina iomláine;

Cantún Privas: bardais Ajoux, Gourdon, Pourchères, Privas, Saint-Priest, Veyras;

Cantún Saint-Agrève: bardas Mars;

Cantún Saint-Etienne-de-Lugdarès: bardais Le Plagnal, Saint-Alban-en-Montagne;

Cantún Saint-Martin-de-Valamas: bardais Borée, La Rochette, Saint-Clément, Saint-Martial;

Cantún Saint-Pierreville: bardais Issamoulenc, Marcols-les-Eaux, Saint-Julien-du-Gua;

Cantún Thueyts: bardas Astet;

Cantún Vals-les-Bains: bardais Labégude, Saint-Julien-du-Serre, Ucel, Vals-les-Bains.

— Roinn Haute-Loire:

Cantún Fay-sur-Lignon: ina iomláine;

Cantún Le Monastier-sur-Gazeille: bardais Freycenet-la-Cuche, Freycenet-la-Tour, Laussonne, Le Monastier-sur-Gazeille, Moudeyres, Présailles;

Cantún Le Puy-en-Velay: bardais Le Puy-en-Velay, Vals-près-le-Puy;

Cantún Le-Puy-en-Velay Nord: bardais Aiguilhe, Chadrac, Le Monteil, Polignac;

Cantún Le Puy-en-Velay (An tOirthear): bardais Brives-Charensac, Saint-Germain-Laprade;

Cantún Le Puy-en-Velay (An tIarthar): bardas Espaly-Saint-Marcel;

Cantún Le Puy-en-Velay (An tOirdheisceart): bardais Arsac-en-Velay, Coubon;

Cantún Saint-Julien-Chapteuil: bardais Lantriac, Montusclat, Queyrières, Saint-Julien-Chapteuil, Saint-Pierre-Eynac;

Cantún Tence: bardas Mazet-Saint-Voy;

Cantún Yssingeaux: bardais Araules, Yssingeaux.

— Roinn Lozère:

Cantún Langogne: bardas Langogne.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá an limistéar geografach suite ar theorainn thoir Massif Central, nach bhfuil i bhfad ó Puy en Velay, agus tá sé dírithe ar ardchlár Mézenc.

Bíonn tionchar ag ardchlár Mézenc ar fheirmeoireacht eallaigh sa limistéar i gcás inar forbraíodh cleachtais shonracha tógála agus ramhraithe trí úsáid a bhaint as féaraigh agus féar tirim a fhaightear ag airdí 1 100 m go 1 500 m. Tá roinnt cleachtas áitiúil mar shaintréith den limistéar freisin atá nasctha le tomhaltas 'Fin gras / Fin Gras du Mézenc' agus lena dhíol i siopaí búistéara traidisiúnta, leis an modh maraithe agus le hiompar an bheostoic chuig na seamlais, in éineacht leis na feirmeoirí. I dtéarmaí geolaíocha, bíonn na hardtailte cnocach i gcónaí mar gheall ar iarghníomhaíocht bholcánach, agus ithreacha doimhne agus beagán aigéadach a bhíonn iontu.

Is aeráid ilchríochach í an aeráid a bhfuil tionchair na Meánmhara uirthi. Bíonn teochtaí arda, chomh maith le heaspa uisce, i réim ag deireadh mhí an Mheithimh agus i rith mhí Iúil, agus, dá bhrí sin, is tréimhse iontach í chun féar tirim a dhéanamh i móinéir Mhasaíf Mézenc. Cuireann na dálaí nádúrtha sin le forbairt flóra éagsúil agus sainiúil ar an Masaíf agus le déanamh féir thirim ag airde neamhghnách.

Tá cáil ar fhéaraigh Mézenc as a gcáilíocht ó bhí an 18ú haois ann. In 1995 tiomsaíodh 'fardal bláthanna de na móinéir féir thirim agusna móinéir innilte in Mézenc' inar nochtadh flóra thar a bheith éagsúil, ar gnáthfhlóra a fhaightear in aeráidí sléibhe fionnuara é (sailchuacha, duilleoga stóinse nó copóige, finéal Alpach, cuise leathan). Deimhníodh go soiléir in anailís ar fhéar tirim Mézenc a luach cothaitheach atá i bhfad os cionn an mheáin d'fhéar tirim sléibhe atá leagtha síos ag INRA (an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Talmhaíochta). Is comhartha é finéal Alpach (Meum Athamanticum Jacq.), ar a dtugtar 'Cistre' go háitiúil, de mhóinéir féir thirime Mézenc. Mar gheall ar shuíomh uathúil Mézenc, áit a mbaintear féar tirim suas le 1 500 m os cionn leibhéal na farraige, faightear an planda sin san fhéar tirim agus dá bhrí sin itheann an beostoc é (a dhiúltaíonn é a ithe úr). Cuireann sé blas sainiúil ar an bhféar. I masaífí eile, faightear an planda sin i bhféaraigh shamhraidh agus dá bhrí sin ní itear é.

Forbraíodh córas táirgeachta talmhaíochta bunaidh sa limistéar: úsáidtear móinéir féir thirime chun eallach a thógáil ar na hardtailte (os cionn 1 100 m), a choinnítear in áiteanna eile le haghaidh féarach samhraidh.

Ní thógtar an beostoc le haghaidh an uasfháis ach chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an bhfarae atá ar fáil. Fásann an beostoc ar ráta rialta toisc gurb annamh a dhéanann easpa féir difear d'innilt sa samhradh, a bhuí le heaspa tréimhsí tirime fada. Sil-leagtar saill go cothrom, cé go bhfuil sí níos tiubhaithe le linn na gcéimeanna deiridh.

Tá teicnící speisialta déanta féir thirim forbartha ag feirmeoirí sa limistéar, lena n-áirítear an féar tirim a thriomú sna móinéir, agus an féar tirim is fearr a roghnú don tréimhse ramhraithe. Ní mór struchtúr coirp iomchuí a bheith ag beostoc a roghnaítear lena ramhrú ionas gur féidir iad a ramhrú go mall le féar tirim le linn an gheimhridh. Chuige sin, déanann feirmeoirí a mbeostoc a shórtáil ar feadh a saoil bunaithe ar chritéir atá nasctha le forbairt a gcnámharlaigh agus a matán, lena gcumais fheidhmiúla, lena n-acmhainneacht ramhraithe agus lena gcuma fhoriomlán. Nuair a théann siad isteach sna bóithigh ní mór iad a bheith neamhramhraithe go leordhóthanach ionas gur féidir iad a ramhrú go cúramach agus go mall le féar tirim le linn an gheimhridh.

Gach bliain ní roghnaítear ach líon beag beostoc as gach feirm chun 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc' a tháirgeadh. Tosaíonn an tréimhse ramhraithe mhall atá bunaithe ar fhéar tirim ag tús mhí na Samhna ar a dhéanaí agus maireann sí 110 lá ar a laghad ón uair a théann an beostoc isteach sna bóithigh den chéad uair. Treoraítear ansin iad ina n-aonar seachas i ngrúpaí agus tugtar an féar tirim i bhfoirm béile ionas go n-itheann siad an oiread agus is féidir de. Faigheann gach ainmhí beatha atá oiriúnaithe dá leibhéal ramhraithe agus don ionchasach lena díol. Leis an teicníc ramhraithe thraidisiúnta a úsáidtear le haghaidh 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc', is féidir saill chumhdaigh a fhoirmiú, rud a chosnóidh an conablach ar ocsaídiú le linn na tréimhse aosaithe. Táirgeann sé sin conablaigh atá oiriúnach do thréimhse fhada aosaithe (suas le 20 nó 30 lá) gan aon mheath ar an bhfeoil.

Áirítear le marú 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc' cleachtais thraidisiúnta a chaomhnaíonn claonadh na feola ar feadh tréimhse fhada aosaithe. Go háirithe, tá toirmeasc ar na conablaigh a ní le píobán (ach amháin má mhilltear de thaisme iad) nó a saill chumhdaigh a bhaint. Tugtar aird ar leith ar a chinntiú go ndéantar na conablaigh a fhuarú go réidh agus go seachnaítear titim thobann sa teocht.

Is iad 'Fin Gras' agus 'Fin Gras' a bhfuil an t-ainmniúchán geografach 'Mézenc' ag gabháil leis na hainmneacha traidisiúnta a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh don táirge mairteola sainiúil sin.

Sainiúlacht an táirge

Faightear an fheoil ó bheostoc a thógtar ar fhéar agus ar fhéar tirim ó na hardtailte, a choinnítear in áiteanna eile le haghaidh féarach samhraidh.

Tá na conablaigh céiriúil agus tá siad cumhdaithe de bheagán i saill, gan fosuithe saille logánta. Tá dath bán go dath bán ar nós uachtair ar an tsaill chumhdaigh. Bíonn dath idir dearg geal agus corcra dearg ar an bhfeoil. Bíonn sí marmarach (i bhfocail eile, tá fosuithe saille ionmhatánaí inti).

Tá cáilíochtaí sainiúla ag feoil ar a bhfuil an t-ainmniúchán 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc' atá nasctha leis an gcaoi a dtógtar an beostoc agus le plandaí ardchlár Mézenc a úsáidtear le haghaidh beatha. Fíoraíodh é sin tríd an bhfeoil a bhlaiseadh agus í amh agus cócaráilte araon agus trí anailísí saotharlainne.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an clú atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás TGFC)

Tagann dálaí geolaíocha ardchlár Mézenc, an airde agus an aimsir le chéile chun flóra éagsúil a tháirgeadh atá an-oiriúnach chun féar de cháilíocht den scoth a tháirgeadh, a thriomaítear sna móinéir. Tá sé léirithe i staidéir go bhfuil nasc idir cáilíochtaí teirpéineacha an fhéir thirim a tháirgtear in Mézenc (áit arb é finéal Alpach an planda comharthach) agus an teirpéin a fhaightear i saill na feola.

Gné speisialta den phróiseas táirgthe is ea go bhfuil sé bunaithe ar thréimhse ramhraithe mhall le linn an gheimhridh trí fhéar tirim de cháilíocht agus blas den scoth a úsáid, rud a fhágann gur féidir an beostoc a ramhrú ar an mbealach is fearr tar éis 110 lá sna bóithigh. Itheann an beostoc méideanna móra féir thirim a bhuí leis na teicnící beathaithe a úsáidtear.

Áirithítear leis an aire aonair a fhaigheann an beostoc agus le roghnú cúramach an bheostoic ar feadh a saoil de réir a gcáilíochtaí sonracha nach gcoinnítear ach na hainmhithe sin is dóchúla a thairbheoidh de thréimhse ramhraithe mhall atá bunaithe ar fhéar tirim. Is é an toradh a bhíonn air sin beostoc eisceachtúil a tháirgeann feoil bhlasta.

Tá saintréithe an táirge nasctha le dálaí comhshaoil agus leis an bhflóra nádúrtha a eascraíonn astu araon, agus le cleachtais tógála freisin a forbraíodh sa limistéar (táirgeadh féir thirim ardcháilíochta, sórtáil an bheostoic, tréimhse fhada ramhraithe bunaithe ar fhéar tirim le linn an gheimhridh). Le ramhrú fada beostoc níos sine, bunaithe ar fhéar tirim, táirgtear saill cumhdaigh bháin agus conablaigh chéiriúla shailleacha (gan fosuithe saille logánta), atá nasctha go mór le gné mharmaraithe na feola agus lena blas sainiúil.

Coinníonn na conablaigh a ngnéithe sonracha agus a n-acmhainneacht aosaithe a bhuí leis an tréimhse ghearr ama a thógann sé chun iad a iompar chuig an seamlas agus a bhuí le cleachtais a urramaíonn an táirge le linn an phróisis maraithe.

Is naisc riachtanacha iad feirmeoirí, gléasraí maraithe agus búistéirí sa slabhra táirgeachta céanna de 'Fin Gras / Fin Gras du Mézenc'. Díoltar an táirge trí bhealaí díolacháin traidisiúnta: iarrann búistéirí áitiúla ar na seamlais is gaire dá siopaí an beostoc a roghnaigh siad agus iad á dtógáil a mharú. Fós sa an lá atá inniu ann, cuireann búistéirí taispeántais os comhair a siopaí le haghaidh na Cásca d'eallaigh agus bláthanna orthu. Leis na haontaí talmhaíochta atá fós á reáchtáil, tugtar le chéile na feirmeoirí beostoic agus na búistéirí a chuireann an táirge séasúrach seo a bhfuil a gcáil seanbhunaithe chun cinn.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-e3b5c792-654a-4082-8c85-25422f6d804a